



An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2022  
(OR. en)

10064/22

FIN 648

## NÓTA CLÚDAIGH

---

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	8 Meitheamh 2022
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 401 final
Ábhar:	Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCúirt Iniúchóirí: Tuarascáil Bhliantúil ar Bhainistíocht agus ar Fheidhmíocht le haghaidh Bhuiséad an Aontais Eorpaigh - Bliain Airgeadais 2021

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 401 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 401 final



Strasbourg, 7.6.2022  
COM(2022) 401 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN**

**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG AN  
gCÚIRT INIÚCHÓIRÍ**

**Tuarascáil bhliantúil chuig an Údarás um Urscaoileadh maidir le hiniúchtaí  
inmheánacha a rinneadh in 2021**

Tuarascáil  
Bhliantúil  
Bhainistíochta  
agus  
Feidhmíochta  
**Bhuiséad an  
Aontais  
Eorpaigh**

Méid II

Iarscríbhinní

2021

#BUISEAD AN AONTAIS

Tuairisciú Airgeadais agus  
Cuntasachta Comhtháite 2021

Ní bheidh an Coimisiún Eorpach faoi dhliteanas i leith aon toradh a d'fhéadfadh a bheith ar athúsáid an fhoilseacháin seo.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022

© An tAontas Eorpach, 2022



Déantar beartas athúsáide an Choimisiúin Eorpaigh a chur chun feidhme le Cinneadh 2011/833/AE ón gCoimisiún an **12 Nollaig 2011** maidir le hathúsáid dhoiciméid an Choimisiúin (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39). Ach amháin má shonraítear a mhalairt, údaraítear an doiciméad seo faoi cheadúnas Creative Commons Attribution 4.0 International (CC BY 4.0) (<https://creativecommons.org/licenses/by/4.0/>). Ciallaíonn sé sin go gceadaítear a n-athúsáid ar choinníoll go dtugtar an chreidiúint chuí agus go léirítear aon athrú a dhéantar.

Chun míreanna nach bhfuil faoi úinéireacht an Aontais Eorpaigh a úsáid nó a atáirgeadh, d'fhéadfadh sé gur ghá cead a iarraidh go díreach ar na sealbhóirí cirt faoi seach.

Gach íomhá © An tAontas Eorpach, mura sonraítear a mhalairt.

Tuarascáil Bhliantúil ar Bhainistíocht agus ar Fheidhmíocht do bhuiséad an Aontais - Imleabhar II - larscríbhinní - Bliain airgeadais 2021

Priontáil	ISBN 978-92-76-51013-0	ISSN 2599-7084	doi:10.2761/733952	KV-AQ-22-002-EN-C
PDF	ISBN 978-92-76-51012-3	ISSN 2599-7092	doi:10.2761/285345	KV-AQ-22-002-EN-N

Ar fáil freisin:

Tuarascáil Bhliantúil Bhainistíochta agus Feidhmíochta Bhuiséad an Aontais Eorpaigh - Imleabhar I - Bliain airgeadais 2021

Priontáil	ISBN 978-92-76-49919-0	ISSN 2599-7084	doi:10.2761/022851	KV-AQ-22-001-EN-C
PDF	ISBN 978-92-76-49892-6	ISSN 2599-7092	doi:10.2761/093153	KV-AQ-22-001-EN-N

Tuarascáil Bhliantúil Bhainistíochta agus Feidhmíochta Bhuiséad an Aontais Eorpaigh - Imleabhar III - larscríbhinní teicniúla - Bliain airgeadais 2021

Priontáil	ISBN 978-92-76-51105-2	ISSN 2599-7084	doi:10.2761/762638	KV-AQ-22-003-EN-C
PDF	ISBN 978-92-76-51104-5	ISSN 2599-7092	doi:10.2761/064137	KV-AQ-22-003-EN-N

Is éard atá i *dTuarascáil Bhliantúil Bhainistíochta agus Feidhmíochta Bhuiséad an Aontais Eorpaigh–Bliain Airgeadais 2021*, in éineacht leis na hiarscríbhinní a ghabhann léi, rannchuidiú príomha an Choimisiúin leis an nós imeachta bliantúil um urscaoileadh <sup>(1)</sup> trína ndéanann Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh grinnscrúdú ar chur chun feidhme bhuiséad an Aontais. Comhlíontar léi oibleagáidí an Choimisiúin faoin gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh <sup>(2)</sup> agus an rialachán airgeadais <sup>(3)</sup>. Is freagracht chomhroinnte é buiséad an Aontais a chur chun feidhme. Bíonn an Coimisiún ag obair i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus le comhpháirtithe agus eagraíochtaí eile.

Tá an tuarascáil comhdhéanta de thrí imleabhar, mar a thuairiscítear thíos.

- Le hImleabhar I, soláthraítear na príomhfhorais agus na príomhéachtaí i ndáil le bainistiú buiséadach le haghaidh 2021.
- Le hImleabhar II, cuirtear tuairisc níos cuimsithí i láthair maidir le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais. Tugtar forbhreathnú in Iarscríbhinn 1 ar fheidhmíocht Bhuiséad an Aontais Eorpaigh in 2021. Tugtar forbhreathnú ardleibhéil in Iarscríbhinn 2 ar rialú inmheánach agus ar bhainistíocht airgeadais. Cumhdaítear in Iarscríbhinn 3 gnéithe feidhmíochta agus comhlíontachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta.
- Tá iarscríbhinní teicniúla in Imleabhar III lena dtacaítear leis an tuarascáil. Áirítear ann Iarscríbhinn 4, ina bhfuil faisnéis mhionsonraithe maidir le feidhmíocht ar bhonn clár ar chlár san ‘Fhorbhreathnú ar fheidhmíocht clár’.

Tá an tuarascáil seo mar chuid den phacáiste níos leithne maidir le tuairisciú airgeadais agus cuntasachta comhtháite <sup>(4)</sup>, lena n-áirítear freisin na cuntais chomhdhlúite bhliantúla <sup>(5)</sup>, tuar fadtéarmach na sreafaí isteach agus amach lena gcumhdófar na 5 bliana <sup>(6)</sup> seo chugainn, an tuarascáil ar iniúchtaí inmheánacha <sup>(7)</sup> agus an tuarascáil ar an obair leantach ar an urscaoileadh <sup>(8)</sup>.

---

(1) Is éard atá sa nós imeachta bliantúil um urscaoileadh an nós imeachta trína dtugann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a bhformheas deiridh ar chur chun feidhme an bhuiséid maidir le bliain shonrach agus trína dtugann siad an Coimisiún chun cuntais go polaitiúil maidir le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais ([https://ec.europa.eu/info/about-european-commission/eu-budget/how-it-works/annual-lifecycle/assessment/parliaments-approval\\_en](https://ec.europa.eu/info/about-european-commission/eu-budget/how-it-works/annual-lifecycle/assessment/parliaments-approval_en)).

(2) Airteagal 318 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

(3) Airteagail 247(1)(b) agus 247(1)(e) den rialachán airgeadais.

(4) Airteagal 247 den rialachán airgeadais.

(5) Airteagal 246 den rialachán airgeadais.

(6) Airteagal 247(1)(c) den rialachán airgeadais.


(7) Airteagal 118(8) den rialachán airgeadais.

(8) Airteagal 261(3) den rialachán airgeadais.

## An dúshlán a shárú: déanann an tAontas Eorpach infheistíocht i dtodhchaí níos glaise, níos digítí agus níos athléimní

In 2021, thug an tAontas le fios go raibh sé ag obair i ndlúthpháirtíocht agus go raibh sé láidir, agus é ag dul i ngleic leis an ngéarchéim nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo. Bhí an dlúthpháirtíocht ríthábhachtach chun srian a choinneáil ar phaindéim COVID- 19 agus chun a tionchar eacnamaíoch agus sóisialta a mhaolú. Chonaiceamar an rolladh amach vacsaíne ba mhó agus ba thapúla ó bunaíodh an tAontas, i ndiaidh soláthar comhchoiteann vacsaíní trí bhíthin úsáid nuálach bhuiséad an Aontais tríd an Ionstraim Tacaíochta Éigeandála. Le buiséad an Aontais, maoiníodh freisin an bonneagar chun deimhnithe digiteacha COVID- 19 a eisiúint agus a fhóru, lena leagadh síos caighdeán i bhfad thar theorainneacha an Aontais. Thacaigh an tAontas le saoránaigh agus le gnólachtaí chun drochriarmhairtí na géarchéime a shárú. An tráth céanna, thug sé freagra ar dhúshlán dhomhanda.

D'éirigh leis an Aontas ní amháin an ghéarchéim a shárú ach na deiseanna a thapú a tháinig aníos uaithi freisin. Le buiséad an Aontais, déantar an Eoraip oiriúnach don todhchaí trí bhíthin a freagra ar na dúshlán ríthábhachtacha a thuar i dtaca le gníomhaíocht ar mhaithe leis an aeráid agus digitiú. Déanann sé infheistíocht i dtodhchaí níos inbhuanaithe agus níos athléimní le haghaidh an Aontais agus na mBallstát. In éineacht le creat airgeadais ilbhliantúil 2021- 2027, tá an ionstraim théarnaimh NextGenerationEU ag croílár ghníomhaíocht chomhchoiteann an Aontais. Leis an bpacáiste spreagtha is mó riamh de níos mó ná EUR 2 thrilliún, tháinig athbhorradh faoi gheilleagar an Aontais in 2021 – níos tapa ná mar bhí coinne leis.



Creat Airgeadais Ilbhliantúil an Aontais 2021- 2027 agus NextGenerationEU. Tá na méideanna uile i mbilliún EUR, i bpraghsanna reatha.

Foinse: An Coimisiún Eorpach.

**Oibríonn NextGenerationEU a bhuí le cur chuige saincheaptha bunaithe ar fheidhmíocht** Agus méid nach bhfacthas a leithéid roimhe de EUR 807 mbilliún <sup>(9)</sup> i gceist, méadaíodh neart bhuiséad an Aontais go mór le NextGenerationEU. Is uirlis uathúil nuálach í a phríomhchlár, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, chun infheistíochtaí agus athchóirithe a mhaoiniú. Cuireann na Ballstáit a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta isteach, ina bhfuil infheistíochtaí agus athchóirithe a thagann leis na sé réimse beartais atá faoi raon feidhme na saoráide, na moltaí atá sonracha do thír ar leith arna nglacadh ag an gComhairle i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, agus na spriocanna glasa agus digiteacha. Braitheann maoiniú a sholáthraítear faoin tsaoráid ar chur chun feidhme rathúil na n- infheistíochtaí agus na n- athchóirithe atá sna pleananna, i gcomhréir le díriú an bhuiséid nua fhadtréimhsigh ar fheidhmíocht (féach an bosca thíos). Glacadh dhá phlean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta is fiche faoi dheireadh na bliana.

### **An buiséad fadtéarmach agus NextGenerationEU: le buiséad an Aontais, díritear ar chuspóirí a bhaint amach**

Tá feidhmíocht agus torthaí i gcroílár an bhuiséid fadtéarmaigh nua agus NextGenerationEU. Dearadh ná cláir nua ar mhaithe le torthaí inláimhsithe a bhaint amach ar an láthair. I gcás na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, tá fócaíochtaí nasctha go soiléir le baint amach spriocanna agus garspriocanna ag na Ballstáit. Thairis sin, tá cuspóirí soiléire uailmhianacha agus táscairí gaolmhara i ngach ceann de chlár an Aontais chun cuidiú lena áirithiú go mbaintear na cuspóirí sin amach. D'fhoilsigh an Coimisiún teachtaireacht i mí an Mheithimh 2021 lena dtugtar tuairisc ar an gcreat feidhmíochta nua <sup>(10)</sup>.

Leis an mbuiséad fadtéarmach nua, cuirtear deis ar fáil freisin athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht chur chun feidhme bhuiséad an Aontais. Ní mór do na cláir cur chuige níos comhtháite a áirithiú maidir le dúshlán beartais, mar shampla an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda, lena dtugtar le chéile an chuid is mó d'iarchláir ghníomhaíochta seachtraí an Aontais laistigh de bhuiséad an Aontais. Sampla eile is ea athdhearadh ar ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin, i gcás ina bhfuil an Coimisiún tar éis gníomhaireachtaí nua a bhunú chun a chúraimí a ailíniú ina n- iomláine le tosaíochtaí straitéiseacha an Choimisiúin agus chun leas a bhaint as na sineirgí idir na cláir agus na beartais (amhail an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digiú nua).

### **Chuir an tAontas leachtacht ar fáil do na Ballstáit trí leas a bhaint as na hacmhainní**

**buiséadacha uile atá ar fáil.** Faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, fuair na Ballstáit EUR 64 bhilliún in 2021 – an chuid is mó de i bhfoirm réamh- mhaoinithe le haghaidh pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta le haghaidh na mBallstát sin le pleananna ceadaithe <sup>(11)</sup>. Tháinig borradh faoi chur chun feidhme beartais comhtháthaithe in 2021 agus íocadh méid níos mó ná riamh de EUR 69 mbilliún leis na Ballstáit. Is mar seo mar a bhí a bhuí leis an bhfreagairt thapa ar ghéarchéim COVID- 19 freisin. Leis an Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas, a bunaíodh in 2020, bhíodas in ann leas iomlán solúbtha a bhaint as na cistí uile a bhí fágtha i gclár beartais chomhtháthaithe 2014- 2020. Athdháileadh EUR 23 bhilliún ar an earnáil sláinte agus ar bhearta chun dul i ngleic le héifeachtaí na géarchéime. Ar deireadh, trí bhíthin maoiniú breise ó NextGenerationEU trí REACT- EU, íocadh EUR 7 mbilliún breise, agus a bhuí leis sin fuair na Ballstáit EUR 140 billiún ó thaobh leachtachta in 2021.

### **Anuas ar leachtacht, is feithicil é buiséad an Aontais ar mhaithe le dlúthpháirtíocht na hEorpa.**

Anuas ar Phaindéim COVID- 19, le tubaistí nádúrtha amhail tinte foraoise mar thoradh ar thriomach agus tuilte troma, rinneadh an- dochar do go leor Ballstát. Chuir an tAontas EUR 332 mhilliún ar fáil i

<sup>(9)</sup> EUR 807 mbilliún i bpraghsanna reatha, EUR 750 billiún i bpraghsanna 2018.

<sup>(10)</sup> [https://ec.europa.eu/info/publications/communication-eu-budget-performance-framework-2021-2027\\_en](https://ec.europa.eu/info/publications/communication-eu-budget-performance-framework-2021-2027_en)

<sup>(11)</sup> Chun mionsonraí a fháil, féach larscríbhinn 3.

bhfóirithint anachaine láithreach do na Ballstáit a ndéantar dochar dóibh leo, tríd an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta. In 2021, cuireadh an sásra i ngníomh 114 uair. In 2022, tá an cogadh san Úcráin ina chúis cheana leis an oibríocht éigeandála is mó ó cruthaíodh an sásra.

**Tá an iarracht téarnaimh dírithe ar thodhchaí níos glaise agus níos digítí a chruthú.** Chuir an tAontas lena uaillmhian maidir le maoiniú a bhaineann leis an gcomhshaol a mhéadú go 30 % de bhuiséad foriomlán an Aontais lena n- áirítear NextGenerationEU, rud a léiríonn freisin gealltanais dhomhanda an Aontais, lena n- áirítear Comhaontú Pháras agus na spriocanna forbartha inbhuanaithe. Faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, úsáidfear 37 % ar a laghad de mhaoiniú i leith infheistíochtaí agus athchóirithe maidir le hathrú aeráide agus 20 % ar a laghad chun an t- aistriú digiteach a thabhairt chun cinn. Cuid mhór de na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a glacadh roimh dheireadh 2021, sáraíonn siad na híoscheanglais seo, rud a léiríonn an comhthiomantas don dá aistriú aeráide agus digiteach ar fud an Aontais. Ar an iomlán, rinne na Ballstáit thart ar 40 % de mhaoiniú a ghealladh chun dul i ngleic leis an athrú aeráide agus thart ar 26 % chun an t- aistriú digiteach a thabhairt chun cinn. Tá ionadú fuinnimh iontaise agus an t- aistriú digiteach rithábhachtach – ní amháin chun teacht amach níos láidre ón bpaindéim ach chun ár neamhspleáchas straitéiseach oscailte a neartú agus chun tionchar chogaidh na Rúise in aghaidh na hÚcráine a sheasamh. Cuirtear príomhthosaíochtaí i dtábhacht sa bhosca thíos.

#### An dá aistriú faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta: príomhthosaíochtaí aeráide agus digiteacha

- I ndáil le maolú agus aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, díritear thart ar thrí cheathrú de mhaoiniú ar aistriú fuinnimh agus ar iompar inbhuanaithe a thógáil. Chun neodracht carbóin a bhaint amach faoi 2050, cuirtear béim ar an soláthar fuinnimh ó fhoinsí glana a mhéadú agus ar an éileamh foriomlán ar fhuinneamh a laghdú. Áirítear leis na réimsí infheistíochta giniúint fuinnimh inathnuaite a mhéadú agus go leor tionscadal atá dírithe ar éifeachtúlacht fuinnimh, mar shampla trí fheabhas a chur ar cháilíocht tógála agus inslithe.
- Chun rannchuidiú leis an aistriú digiteach agus chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis, díritear athchóirithe agus infheistíochtaí sa réimse seo ar sheirbhísí digiteacha poiblí a thógáil (37 %), leibhéal digítithe gnólachtaí a mhéadú, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide (20 %) agus na scileanna digiteacha is gá a chur ar fáil do dhaoine ionas gur féidir leo a bheith rannpháirteach sna hathruithe seo (17 %) <sup>(12)</sup>. I gcomhréir leis an teachtaireacht maidir leis an Deacáid Dhigiteach <sup>(13)</sup>, lena sainnithnítear tábhacht na seirbhísí digiteacha poiblí, áirítear leis na bearta réitigh r- rialtais chun próisis riaracháin phoiblí a nuachóiriú agus a fheabhsú, mar shampla trí réitigh ríomhaitheantais i bpróisis rialtais a chomhtháthú agus trí idir- inoibrítheacht a áirithiú ar fud ardáin dhigiteacha poiblí éagsúla.

**Den chéad uair, tá príomhspricanna beartais uileghabhálacha an Aontais – amhail an comhrac in aghaidh an athraithe aeráide – comhtháite go hiomlán i gclár bhuiséid an Aontais.** Mar chuid de phacáiste *Thuarascáil Bhliantúil Bhainistíochta agus Feidhmíochta Bhuiséad an Aontais Eorpaigh*, tá an Coimisiún ag cur i láthair na modhanna a úsáidtear chun rannchuidiú bhuiséad an Aontais ar thrí cinn de spriocanna beartais den sórt sin a rianú.

- An comhrac in aghaidh an athraithe aeráide, i gcás ina bhfuil an modh rianaithe nuashonraithe ag brath ar aicmiú idirghabhálacha bunaithe ar éifeachtaí. Cumhdaíodh é ar bhealach comhsheasmhach ar fud na bpríomhghníomhartha uile.


<sup>(12)</sup> Tá na huimhreacha ag teacht le ríomhanna bunaithe ar na modhanna a leagtar amach in larscríbhinn VI agus VII a ghabhann le rialachán na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta.

<sup>(13)</sup> <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/nl/TXT/?uri=CELEX%3A52021DC0118>

- Cailliúint bithéagsúlachta a stopadh agus a aisiompú, i gcás ina ndearnadh an modh rianaithe a nuashonrú ar bhealach comhchosúil don chuid is mó.
- Comhionannas inscne a chur chun cinn, i gcás ina bhfuil modh píolótach á chur i bhfeidhm, rud a léiríonn go bhféadfadh an chuid is mó de bhuiséad an Aontais rannchuidiú ar bhealach dearfach le comhionannas inscne a thabhairt chun cinn.

**Thug an tAontas Eorpach aghaidh ar dhúshláin dhomhanda éagsúla trí bhuiséad an Aontais a úsáid go héifeachtach agus go solúbtha.** Chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna infheistíochta struchtúrtha, sheol an tAontas an tionscnamh Global Gateway. Leis an tionscnamh, cuirfear EUR 300 billiún ar fáil idir institiúidí an Aontais agus na Ballstáit, agus cur chuige Fhoireann na hEorpa i bhfeidhm, ag tacú le hinfeistíochtaí i mbonneagar digiteach fuinnimh agus iompair, agus ag neartú córais sláinte, oideachais agus taighde. Agus aghaidh á tabhairt ar riachtanais níos láithrí, tugadh tús áite do sholáthar vacsaíní COVID- 19 chuig tíortha nach Ballstáit den Aontas iad agus do thacaíocht le réitigh ar ghéarchéim na ndéanaithe a tháinig chun cinn mar thoradh ar fhorbairtí san Afganastáin agus sa tSiria. Ba gharspíoc tábhachtach é an comhaontú buiséadach a ghabhann le pacáiste dídeanaithe Siria i bhFómhar 2021. An tráth céanna, bhí teannas ag teacht chun cinn cheana ar theorannacha thoir an Aontais in 2021, áit ar baineadh leas as gluaiseachtaí imirce chun brú polaitiúil a chur ar an Aontas. I dtéarmaí buiséadacha, bhí gá le hathbheartú tosaíochta réamhghníomhach mar thoradh ar na dúshláin éagsúla sin mar aon le húsáid na solúbthachta atá ann cheana féin. B'ionann an ghné sheachtrach agus EUR 0.9 mbilliún, arbh ionann é sin agus an chuid is mó den EUR 2 bhilliún in athneartaithe buiséadacha a úsáideadh in 2021.

**Ag an bpointe aistrithe idir buiséid fhadtéarmacha, tá cláir an Aontais faoi bhuiséad 2014- 2020 fós á gcur chun feidhme agus fós ag baint amach torthaí le haghaidh shaoránaigh an Aontais.** Is buiséad infheistíochta é buiséad an Aontais go príomhúil, agus é dírithe ar luach fadtéarmach a chur ar fáil don Aontas. Is iomaí clár a bhfuil dul chun cinn fós á dhéanamh acu ó thaobh a spriocanna feidhmíochta faoi seach. Maidir leis na cláir arb é atá iontu 85 % de bhuiséad an Aontais, léirítear leis an ngraf thíos go bhfuil formhór mór na dtáscairí feidhmíochta á mbaint amach. Le hlarscríbhinní 1 agus 4 a ghabhann leis an tuarascáil seo, tugtar níos mó mionsonraí maidir leis na cláir aonair agus a bhfeidhmíocht.



Miondealú buiséad 2014- 2020 de réir dhul chun cinn na gclár foluiteach. Leis an ngraf, léirítear dul chun cinn mar a thomhaistear é leis an sciar de na táscairí a roghnaíodh le haghaidh an fhorbhreathnaithe ar fheidhmíocht an chláir agus bhain na táscairí sin a spriocanna amach nó tá siad ar tí iad a bhaint amach. Mar shampla, maidir leis na cláir arb é atá iontu 60 % de bhuiséad 2014- 2020, léirítear gur bhain na táscairí uile a spriocanna amach nó go bhfuil siad ar tí a spriocanna a bhaint amach.

Foinse: An Coimisiún Eorpach.

## Le hacmhainneacht iasachtaíochta úrscothach, cuirtear ar chumas NextGenerationEU torthaí éifeachtacha a bhaint amach

**Chun NextGenerationEU a mhaoiniú, bhunaigh an Coimisiún clár eisiúna bannaí éifeachtúil níos tapa ná riamh.** Agus tús á chur leis an obair go foirmiúil ag tús 2021, d'eisigh an Coimisiún an

chéad bhanna an 15 Meitheamh 2021 agus cuireadh fáilte mhór roimhe agus bhí éileamh níos mó ná riamh air. Faoi dheireadh 2021, chruinnigh an Coimisiún beagnach EUR 93.5 bhiliún i maoiniú fadtéarmach, agus é á chomhlánú le Billí gearrthéarmacha an Aontais, chun na chéad eisíocaíochtaí beartaithe chuig na Ballstáit a mhaoiniú faoi NextGenerationEU. Chuir na margaí fáilte roimh na bannaí nua seo ón Aontas, go páirteach toisc gur ghlac siad ról na sócmhainne sábháilte ainmnithe in euro orthu féin, rud a bhí á éileamh ag an margadh le tamall fada. Bhí an costas iasachtaíochta in 2021 le haghaidh iasacht 10 mbliana diúltach den chuid is mó, agus i bhfad faoi bhun mheánchostas iasachta na mBallstát aonair.

**Léiríonn NextGenerationEU freisin ár spriocanna polaitiúla ó thaobh straitéis maoinithe, ós rud é go bhfuil suas le EUR 250 billiún á eisiúint againn i mbannaí glasa.** D'fhoilsigh an Coimisiún an treoirphlean maidir le clár na mbannaí glasa, an Creat NextGenerationEU maidir le Bannaí Glasa <sup>(14)</sup>, i mí Mheán Fómhair 2021. Leis an gcreat, déantar achoimre ar na socruithe maidir le bannaí glasa agus na coinníollacha a bhaineann leo i gcomhréir le dea- chleachtais an mhargaidh. Dheimhnigh saineolaíthe seachtracha, a thugann dearbhú d'infheisteoirí ionchasacha go n- úsáidfear na fáiltais ó eisiúintí bhannaí glasa an Aontais chun infheistíochtaí glasa dlisteanacha agus athchóirithe a mhaoiniú.

**D'éirigh le heisiúint bhannaí glasa NextGenerationEU ar go leor bealaí.** Agus EUR 12 bhiliún cruinnithe i mí Dheireadh Fómhair 2021, bhí an chéad eisiúint den Aontas ar an eisiúint bannaí glasa is mó ar fud an domhain go dtí seo. Ós rud é go raibh ró- éileamh ar an eisiúint 11 uair, is léir go raibh an- éileamh sa mhargadh ar shócmhainn den sórt sin. Leis na bannaí glasa seo, rannchuidítear le dlús a chur le fáinne óir maidir le maoiniú a chur ar fáil le haghaidh infheistíochtaí inbhuanaithe. I ndiaidh na chéad eisiúna, chruinnigh an Coimisiún EUR 2.5 bhiliún eile i mbannaí glasa faoi chlár bhannaí glasa an Aontais in 2021 agus EUR 6 bhiliún faoi dheireadh mhí na Bealtaine 2022. I gcaitheamh na chéad chúpla bliain atá romhainn, tá coinne leis an gclár seo go mbeidh an tAontas ar an eisiúint bannaí glasa is mó ar domhain, rud a chuirfidh borradh faoin maoiniú glas ar bhonn níos ginearálta agus a fheabhsóidh tóir an euro agus a ról idirnáisiúnta, dá bhrí sin.

**D'ainneoin na ndálaí margaidh crua in 2022, tá éileamh fós ar eisiúintí bhannaí an Aontais.** Mar gheall ar ionradh na Rúise gan údar gan chúis ar an Úcráin agus na cúinsí eacnamaíochta níos leithne, tháinig margaí bannaí faoi bhrú suntasach le déanaí. In ainneoin na ndálaí dúshlánacha seo, ní raibh aon fhadhb ag an gCoimisiún níos mó bannaí a chur ar an margadh, cé gur tháinig méadú ar chostais iasachtaíochta i gcomhréir leis na dálaí margaidh níos dúshlánaí go ginearálta. Leis an tsolúbthacht a cuireadh ar fáil le straitéis cistiúcháin éagsúlaithe an Choimisiúin, cuirfear ar chumas an Choimisiúin leanúint lena gclár cistiúcháin ar bhealach costéifeachtach. Bíonn an- éileamh ar bhannaí glasa NextGenerationEU i gcónaí agus bíonn an t- aiseolas dearfach ina leith, go páirteach mar thoradh ar fhoilsiú Dheais na mBannaí Glasa <sup>(15)</sup>.

<sup>(14)</sup> [https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/about\\_the\\_european\\_commission/eu\\_budget\\_nextgenerationeu\\_green\\_bond\\_framework.pdf](https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/about_the_european_commission/eu_budget_nextgenerationeu_green_bond_framework.pdf)

<sup>(15)</sup> [https://ec.europa.eu/info/strategy/eu-budget/eu-borrower-investor-relations/nextgenerationeu-green-bonds/dashboard\\_en](https://ec.europa.eu/info/strategy/eu-budget/eu-borrower-investor-relations/nextgenerationeu-green-bonds/dashboard_en)

## I ndiaidh dhúshláin 2021, tiocfaidh méadú sa bhreis ar an mbrú ar bhuiséad an Aontais in 2022

**Le glacadh déanach chreat airgeadais ilbhliantúil 2021- 2027, tháinig dúshláin thromchúiseacha aníos in 2021.** Na gníomhartha dlíthiúla leana leagtar síos an ghlúin nua clár, níor ghlac na comhreachtóirí iad ach i gcaitheamh 2021. A bhuí le dianobair ullmhúcháin, áfach, bhí an Coimisiún in ann cuid mhór de na cláir a sheoladh gan a thuilleadh moille, go háirithe na cláir sin a ndéanann an institiúid bainistíocht dhíreach orthu. Sa bhainistíocht chomhpháirteach, mar gheall ar ghlacadh déanach rialachán na bhforálacha coitianta, lena leagtar amach an creat rialacháin le haghaidh cláir faoi bhainistíocht chomhpháirteach idir na Ballstáit (amhail na cistí beartais comhtháthaithe), níorbh fhéidir tús a chur le cur chun feidhme na gclár nua in 2021, cé go bhfuil tús curtha le hullmhúcháin ar an talamh. Cé gur tugadh buiséad 2021 anonn go blianta amach anseo, tá an Coimisiún ag obair go dian leis na Ballstáit chun comhaontuithe comhpháirtíochta agus cláir a ghlacadh a luaithe is féidir.

**Trí bheartas comhtháthaithe a dhíriú ar an gcomhrac in aghaidh COVID- 19, bhí an tAontas in ann freagairt go tapa.** Leis an tsolúbthacht bhreise a tugadh isteach sa chistiú comhtháthaithe, tá an tAontas in ann leachtacht a sholáthar do na Ballstáit go han- tapa trí luas suntasach a chur le híocaíochtaí. Cé go bhfuil sé fíor- riachtanach agus tacaíocht á tabhairt do na Ballstáit atá ag dul i ngleic le riachtanais láithreacha san earnáil sláinte, san fhostaíocht agus sa ghnó, go háirithe do na diontair bheaga agus mheánmhéide, mar gheall ar atreorú an chistithe comhtháthaithe, cuireadh tacaíocht ar mhalairt slí ó roinnt tosaíochtaí infheistíochta fadtéarmacha. Chuir an clár REACT- EU, agus an t-aistriú glas agus digiteach á n-ullmhú aige, deis ar fáil chun cúiteamh a thabhairt san athbheartú tosaíochta gearrhéarmach sin i ndáil le cistiú comhtháthaithe ionas gur féidir tús a chur le tionscadail arís a stopadh roimhe seo i bhfabhar riachtanais éigeandála.

**Bliain eile d'éiginnteacht agus dúshláin a bheidh in 2022, lena n- áirítear le haghaidh bhuiséad an Aontais.** Le hionradh na Rúise ar an Úcráin in 2022, tarraingíodh dinimicí suntasacha nua aníos a bhfuil impleachtaí tromchúiseacha acu ar an Úcráin agus ar an Aontas, a gheilleagar agus a shochaí. An tráth céanna, tá roinnt dúshlán eile romhainn: níl deireadh leis an bpaindéim, d'fhéadfaí go dtiocfadh athraitheacha nua chun cinn, agus tá faireachas leanúnach fíor- riachtanach. Tá leibhéal nach bhfacthas leis na deacáidí anuas bainte amach ag an mboilsciú, rud a laghdaíonn acmhainneacht éifeachtach bhuiséad an Aontais, a dhéantar a uasdátú le díbhoilsceoir seasta de 2 % – i bhfad níos ísle ná an ráta boilscithe iarbhír. Le teannas sa slabhra soláthair, táthar ag cur le brú ard boilscithe agus táthar ag cur isteach ar uathriail straitéiseach an Aontais i réimsí amhail micrhliseanna mar gheall air sin. Is cosúil go bhfuil méadú ag teacht ar líon na dtubaistí nádúrtha.


**Leis sin, cuirfear tuilleadh brú ar bhuiséad an Aontais agus ar a bhainistíocht agus a chur chun feidhme, rud a chuireann béim ar thábhacht cláir oibre atá dírithe ar athléimneacht a fhorbairt.** I bhfianaise an leibhéal ard éiginnteachta maidir le forbairt an chogaidh san Úcráin, ní féidir meastachán a dhéanamh faoi láthair ar na méideanna cistithe is gá san Úcráin agus san Aontas. Beidh na riachtanais seo suntasach, áfach. Ag tús 2022, dhírigh an Coimisiún ar fhóirithint láithreach a chur ar fáil don Úcráin agus do dhaoine atá ag teitheadh ón tír. An buiséad iomlán de EUR 1.2 bhiliún <sup>(16)</sup> ón gclár éigeandála nua um chúnadh macra- airgeadais le haghaidh na hÚcráine, bhí sé eisíochta ag an gCoimisiún cheana faoi dheireadh mhí na Bealtaine 2022. Le pacáiste éigeandála de níos mó ná EUR 550 milliún ó bhuiséad an Aontais, cuireadh tacaíocht bhreise ar fáil, agus bearta éagsúla á dtabhairt le chéile amhail cúnadh éigeandála agus daonnúil agus conradh chun an stát agus athléimneacht a fhorbairt. Thairis sin, tá EUR 800 milliún á chur ar fáil le buiséad an Aontais mar a gealladh an 9 Aibreán agus an 5 Bealtaine. An 18 Bealtaine 2022, mhol an

<sup>(16)</sup> [https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip\\_22\\_3183](https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_22_3183)

Coimisiún cúnamh macra- airgeadais eisceachtúil nua a dheonú don Úcráin in 2022 i bhfoirm iasachtaí suas le 9 mbilliún.

**Chun cúnamh a thabhairt do na Ballstáit, ar thogra ón gCoimisiún, d'aontaigh na comhreachtóirí síneadh a chur le solúbthachtaí chistí beartais comhtháthaithe 2014- 2020 atá fágtha, lena n- áirítear REACT- EU, agus cistí gnóthaí baile.** Cé go bhfuil sé rithábhachtach leachtacht agus tacaíocht a chur ar fáil, bhí sin ag brath freisin ar idirghabhálacha ó chlár chomhtháthaithe agus gnóthaí baile 2014- 2020 a atreorú, agus bhain na dúshláin oibríochtúla réamhluaithe leis sin.

**Cé gur úsáideadh cuid mhór den chistiú a cuireadh ar fáil trí bhíthin bainistíocht buiséid sholúbtha, is gá do na méideanna atá fágtha dul i ngleic le dhá ghéarchéim mhóra.** Léirítear leis an ngraf thíos go raibh uasmhéid EUR 242 bhiliún ar fáil ag tús 2021, gan an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta san áireamh, chun dul i ngleic leis na dúshláin éagsúla, is iad sin éifeachtaí inmheánacha COVID- 19 ar an Aontas. Léirítear leis an ngraf thíos go raibh uasmhéid EUR 174 bhiliún ar fáil ag tús 2022, chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí leanúnacha COVID- 19 agus chun dul i ngleic le hiarmhairtí chogadh ionsaithe na Rúise san Úcráin. Ós rud é gur uasteorainneacha iad seo, tá na méideanna iarbhrí atá ar fáil níos ísle. Faoin mbeartas comhtháthaithe, lena n- áirítear REACT- EU, maidir leis na méideanna atá ar fáil faoi láthair nach bhfuil gá le hath- leithdháiltí ó thosaíochtaí eile leo agus ar féidir iad a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar dhrochthorthaí eacnamaíoch COVID- 19 nó ar chaiteachas chun lóistín a chur ar fáil do dhéanaithe ón Úcráin faoi CARE - An Ghníomhaíocht Chomhtháthaithe le haghaidh dídeanaithe san Eoraip, is ionann na méideanna sin agus EUR 17 mbilliún, agus dá bhrí sin, ba ghá tosaíochtaí beartais eile a atreorú i gcás aon ranníocaíocht atá os cionn an mhéid sin de EUR 17 mbilliún. Thairis sin, cumhdaítear méideanna 7 mbliana leis an tsolúbthacht buiséid fhadtéarmach, agus dá bhrí sin, níl siad ar fáil le haghaidh bliain aonair.



Acmhainní atá ar fáil ó shásraí solúbthachta tiomnaithe agus úsáid sholúbtha de chistiú comhtháthaithe. Tá na méideanna uile i mbilliún EUR.

Foinse: An Coimisiún Eorpach.

**Is beag na corrlaigh bhliantúla agus solúbthachta i mbuiséad fadtéarmach an Aontais i gcomparáid leis an mbuiséad bliantúil.** EUR 22 bhiliún, nó thart ar EUR 3 bhiliún in aghaidh na bliana, is ionann é sin agus an t- uasmhéid ó na corrlaigh agus na hionstraimí solúbthachta i dteannta a chéile faoin mbuiséad fadtéarmach nua i gcaitheamh an téarma iomláin de 7 mbliana. Agus an

uimhir sin á cur i gcomparáid le buiséad bliantúil atá thart ar EUR 170- 180 billiún, tá solúbthacht níos lú ná 2 % ar fáil. Bhí an Coimisiún in ann méideanna suntasacha leachtachta a chur ar fáil in 2021 go príomha a bhfuil le cistí beartais comhtháthaithe 2014- 2020 a dhéanamh níos solúbtha agus le NextGenerationEU a bheith ann. Nuair a úsáidtear na roghanna seo, ní bhíonn siad ar fáil a thuilleadh, agus ar an gcaoi sin laghdaítear an lamháil solúbthachta atá i mbuiséad an Aontais. Bheadh cinntí polaitiúla de dhíth dá mbeifí ag brath ar ath- imlonnú cistí ar scála ó chlár atá ann cheana, ós rud é go gcuirfí isteach ar acmhainneacht fhadtéarmach bhuiséad an Aontais na tosaíochtaí polaitiúla a luaitear i gcuspóirí na gclár aonair a bhaint amach.

**Ina theannta sin, tá ionsaí na Rúise in aghaidh na hÚcráine ag cruthú dúshláin nach bhfuil aon réitigh bhuiséadacha fadtéarmach ann orthu faoi láthair.** Tá an tacaíocht go léir a cuireadh ar fáil go dtí seo dírithe ar na riachtanais láithreacha a cruthaíodh mar thoradh ar an líon mór dídeanaithe atá ag teacht isteach san Aontas ón Úcráin agus ar thacaíocht dhaonnúil agus eile don Úcráin agus do thíortha comharsanacha. Mar sin féin, beidh tionchair shuntasacha ag an gcogadh in aghaidh na hÚcráine i bhfad taobh amuigh den staid dhaonnúil agus slándála láithreach. Beidh ar an Úcráin brath ar thacaíocht idirnáisiúnta le linn an chogaidh agus chun an tír a atógáil níos déanaí, rud a dteastódh iarracht shuntasach ina leith, as a leanfaidh riachtanais airgeadais mhóra go gearrhéarmach agus go fadtéarmach araon. Bíonn gá le réitigh bhuiséadacha ag leibhéal an Aontais i dtaca le dúshláin nua amháil rátaí arda boilscithe, slándáil fuinnimh, slándáil bia agus éifeachtaí iarmhartacha. Tá na riachtanais gan choinne seo a tháinig chun cinn mar gheall ar an gcogadh san Eoraip i bhfad thar acmhainní an chreata airgeadais ilbhliantúil atá i bhfeidhm faoi láthair agus NextGenerationEU. Dá bhrí sin, beidh gá le foinsí maoiniúcháin nua a shainiú.

**An 18 Bealtaine 2022, mhol an Coimisiún REPowerEU – plean chun spleáchas ar bhreosláí iontaise na Rúise a laghdú go tapa.** Cuireann REPowerEU <sup>(17)</sup> sraith gníomhaíochtaí breise chun cinn ar mhaithe le fuinneamh a shábháil, fuinneamh glan a tháirgeadh, agus chun ár soláthairtí fuinnimh a éagsúlú, agus é mar aidhm dheireanach leis córas fuinneamh atá níos athléimní agus fíor- aontas fuinnimh a bhaint amach. Mhol an Coimisiún gur cheart REPowerEU a chur chun feidhme tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus tá roinnt foinsí maoinithe beartaithe chun cistí na saoráide a neartú chun na críche seo, lena n- áirítear cistí a úsáid ó chlár atá ann cheana féin agus acmhainní breise nua a chruthú.

## Tá uirlisí éifeachtacha i bhfeidhm chun bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú

**Chun an leas is fearr is féidir a bhaint as airgead na gcáiníochóirí, tá sé fíor- riachtanach go dtabharfaí an maoiniú do na tairbhíthe atá beartaithe i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme.** Chun an aidhm seo a bhaint amach, bíonn an Coimisiún ag brath ar roinnt uirlisí, lena n- áirítear cruthaíodh iad a bheith oiriúnach don chuspóir i gcaitheamh na mblianta.

**Tá córas rialachais agus slabhra cuntasachta an Choimisiúin in oiriúint dá struchtúr agus ról uathúil.** Tá Coláiste na gCoimisinéirí freagrach go polaitiúil as buiséad an Aontais a bhainistiú. Leis sin, tarmligtear an bhainistíocht oibríochtúil laethúil chuig 51 oifigeach údarúcháin trí tharmligean <sup>(18)</sup>,

<sup>(17)</sup> [https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024/european-green-deal/repowereu-affordable-secure-and-sustainable-energy-europe\\_en](https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024/european-green-deal/repowereu-affordable-secure-and-sustainable-energy-europe_en)

<sup>(18)</sup> Leis an téarma 'Oifigigh údarúcháin trí tharmligean, cumhdaítear ard- stiúthóirí ranna an Choimisiúin, ceannairí gníomhaireachtaí feidhmiúcháin, oifigí, seirbhísí, tascfhórsaí, etc. Sonraítear le Airteagal 74(1) den rialachán airgeadais: 'Beidh an t- oifigeach údarúcháin san institiúid den Aontas lena mbaineann freagrach as ioncam agus caiteachas a chur chun feidhme i gcomhréir le príonsabal na bainistíochta fónta airgeadais,



a dhéanann bainistíocht agus stiúradh ar a rannta agus atá freagrach as an sciar de bhuiséad an Aontais a chuirtear chun feidhme ina roinn. Ina dtuarascálacha bliantúla gníomhaíochta, tá dearbhú dearbhaithe maidir le húsáid na n- acmhainní a sannadh dóibh, dearbhuithe a bhféadfaidh siad a cháiliú le hagúis i gcás laigí.

**Tá creat rialaithe inmheánach an Choimisiúin ina chosaint fhíor- riachtanach ar oibríochtaí an Choimisiúin.** Tá sé sin níos tábhachtaí fós i gcomhthéacs na paidéime agus na bearta a tháinig chun cinn mar fhreagra uirthi. In 2021, lean an Coimisiún de bheith ag déanamh faireachán géar ar na rioscaí a eascraíonn as an bpaidéim agus ar conas iad a mhaolú go héifeachtach. Maidir le straitéisí frith- chaloise an Choimisiúin, tá ról suntasach aige fós maidir le cosc a chur ar mhí- úsáid fhéideartha ar chistí an Aontais.

**In 2021, dhírigh na ranna ábhartha go háirithe ar a gcórais rialaithe inmheánacha a oiriúnú do riachtanais NextGenerationEU,** trí bheartas a bhunú maidir le riosca agus comhlíontacht ardleibhéal i dtaca le hiasachtaí a fháil agus a thabhairt nó trí straitéisí sonracha iniúchóireachta agus rialaithe a dhearadh maidir le caiteachas faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

**Laistigh dá chreat rialaithe inmheánach, bíonn an Coimisiún ag brath ar straitéisí rialaithe ilbhliantúla agus difreáilte de réir riosca chun earráidí agus laigí sna córais rialaithe a chosc, a bhrath agus a cheartú.** Ceaptar cláir chaiteachais an Aontais chun bheith ina gcláir ilbhliantúla, agus is amhlaidh an cás maidir leis na straitéisí rialaithe gaolmhara. Tuigtear leis sin gur féidir earráidí a bhrath agus a cheartú tráth ar bith, chomh fada leis an bpointe go gcuirtear clabhsúr le clár ag deireadh a shaolré. Thairis sin, tá na straitéisí rialaithe coigeartaithe de réir na modhanna bainistíochta difriúla, na gníomhaithe lena mbaineann, na réimsí beartais agus/nó na modhanna cistithe agus na rioscaí gaolmhara. Tá gá leis an difreáil seo chun cost- éifeachtacht na straitéisí rialaithe a áirithiú, i.e. chun an chothromaíocht cheart a aimsiú idir leibhéal íseal earráidí (éifeachtacht), íocaíochtaí tapa (éifeachtúlacht) agus costais réasúnta (geilleagar).

**Déanann an Coimisiún agus na Ballstáit na céadta míle seiceáil gach bliain.** Is ón mbun aníos a thógann an Coimisiún a dhearbhu agus ar leibhéal mionsonraithe, i.e. de réir cláir nó de réir mír caiteachais ábhartha eile. Leis sin, tugtar deis don Choimisiún laigí agus earráidí a bhrath, na bunchúiseanna le hearráidí córasacha a shainaithe, gníomhaíochtaí ceartaitheacha spriocdhírthe a chur i bhfeidhm agus a áirithiú go gcuirfead aon cheacht a fhoghlaimítear san áireamh maidir le dearadh clár airgeadais amach anseo.

Sa talmhaíocht: 	Sa chomhtháthú: 
Rinne na Ballstáit níos mó ná <b>900 000</b> seiceáil agus rinne an Coimisiún <b>97</b> n- iniúchadh.	Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar na tuarascálacha bliantúla agus ar na tuairimí maidir le <b>416</b> chlár agus rinne siad <b>61</b> iniúchadh.

lena n- áirítear trí thuiriscí ar fheidhmíocht a áirithiú, agus as a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais maidir le dlíthiúlacht agus le rialacht agus le cóir chomhionann i ndáil le faighteoírí.

## Le torthaí rialaithe an Choimisiúin, deimhnítear go dea- bhainistíocht ar bhuiséad an Aontais

### Déanann an Coimisiún agus na Ballstáit beart chun laigí agus earráidí a chosc agus a cheartú.

Tá príomhshásraí coisctheacha an Choimisiúin comhdhéanta de rialuithe agus iniúchtaí *ex ante* (féach Iarscríbhinn 5 in Imleabhar III), lena n- áirítear iniúchtaí córais chun laigí a bhrath i gcórais bainistithe agus rialaithe na gcomhpháirtithe cur chun feidhme. Faoin mbainistíocht chomhpháirteach, déanann Údarás na mBallstát fíoruithe agus iniúchtaí freisin. I gcás nach raibh sásraí coisctheacha éifeachtach, déantar earráidí a dhéanann difear do chaiteachas an Aontais a bhrath agus a cheartú i ndiaidh fócaíochtaí an Choimisiúin ag na Ballstáit agus an Coimisiúin.

### Tá rialuithe agus iniúchtaí an Choimisiúin éifeachtach.

De thoradh a rialuithe agus a iniúchtaí, in 2021 chuir an Coimisiún bearta coisctheacha agus ceartaitheacha chun feidhme ar mhéid EUR 1 063 mhilliúin, agus uaidh sin b'ionann bearta coisctheacha agus EUR 298 milliúin, agus b'ionann na bearta ceartaitheacha a cuireadh chun feidhme agus EUR 765 mhilliúin. Leis sin, fágfar gurb ionann an méid carnach de bhearta coisctheacha agus bearta ceartaitheacha a cuireadh chun feidhme le haghaidh na mblianta 2017 go 2021 agus EUR 26 bhilliúin. Ina theannta sin, chuir na Ballstáit iad féin bearta coisctheacha agus ceartaitheacha chun feidhme ar mhéid iomlán de EUR 4 557 milliúin in 2021, go páirteach bunaithe ar iniúchtaí an Choimisiúin.

### Ar an iomlán, tá an riosca tráth na híocaíochta faoi bhun na tairisí ábharthachta de 2 %.


Measann an Coimisiún, i ndiaidh a bheart coisctheach, gurb ionann an leibhéal earráide atá fágtha – i.e. an riosca tráth na híocaíochta – agus 1.9 % <sup>(19)</sup>. Tá an toradh seo cosúil le toradh 2020. I bhfianaise chineál ilbhliantúil na gclár cistiúcháin, cuireann an Coimisiún iarrachtaí substaintiúla isteach chun rialuithe a dhéanamh i ndiaidh na n- íocaíochtaí agus chun ceartúcháin a dhéanamh go dtí deireadh na gclár. Léirítear na hiarrachtaí seo leis an riosca measta tráth an chlabhsúir <sup>(20)</sup>, a chomhfhreagraíonn don riosca tráth na híocaíochta lúide réamhaisnéis an Choimisiúin maidir le ceartúcháin a bheidh le déanamh amach anseo.

**Le haghaidh 2021, meastar gurb é atá sa riosca 0.8 % tráth an chlabhsúir.** Ós rud é go bhfuil sé sin i bhfad níos lú ná an tairseach de 2 % – tairseach a bhíonn in úsáid ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa freisin – measann an Coimisiún go bhfuil an buiséad ina iomláine á chosaint go éifeachtach. Deimhnítear an méid seo le tuairim an iniúcháora inmheánaigh <sup>(21)</sup>.

<sup>(19)</sup> Ní áirítear an caiteachas faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta leis an toradh seo, a nochtar na torthaí rialaithe ina leith ar leithligh ar bhonn measúnú cáilíochtúil.


<sup>(20)</sup> I gcás an chomhbheartais talmhaíochta, úsáidtear an téarma 'méid deiridh measta faoi riosca' ina ionad sin chun a léiriú ar bhealach níos fearr nach bhfuil pointe clabhsúir socraithe maidir le bearta an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta.

<sup>(21)</sup> Féach Iarscríbhinn 2, Roinn 3.2 'Obair na Seirbhíse um Iniúcháireacht Inmheánach agus tuairim fhoriomlán'.



Riosca tráth na híocaíochta agus tráth an dúnta le haghaidh an Choimisiúin Eorpaigh le haghaidh na tréimhse 2015- 2021. *Foinse:* an Coimisiún Eorpach, na tuarascálacha bliantúla ar bhainistíocht agus ar fheidhmíocht 2015- 2021 le haghaidh bhuiséad an Aontais.

**D’ainneoin an dea- thoraidh fhoriomláin, sainaithníonn an Coimisiún cé na cláir a mbaineann riosca níos airde leo, rud a chuireann ar a chumas a ghníomhaíocht a dhíriú ar na réimsí is tábhachtaí.** A bhfuí lena anailís mhionsonraithe, tá fianaise láidir ag an gCoimisiún maidir leis an leibhéal riosca difreáilte i dtaca le caiteachas an Aontais. Bunaithe ar an riosca tráth na híocaíochta, roinntear caiteachas i gcatagóirí riosca níos lú - (faoi 1.9 %), meánriosca- (idir 1.9 % agus 2.5 %) agus riosca níos airde (os cionn 2.5 %). Maidir le hacmhainní nádúrtha agus comhtháthú, déantar an anailís seo ar leibhéal na ngníomhaireachtaí íocaíochta aonair agus ar leibhéal na gclár sna Ballstáit, lena féidir a léiriú go ndéantar an staid a idirdhealú de réir clár. Leis sin, cuirtear ar chumas an Choimisiúin dul i ngleic le laigí sonracha fiú maidir le beartais a mbaineann riosca íseal leo ar leibhéal domhanda, amhail an Comhbheartas Talmhaíochta.



Caiteachas an Choimisiúin Eorpaigh a aicmiú i gcatagóirí rioscaí níos airde- ; meánrioscaí- agus rioscaí níos ísle, mar chéatadán de mhéid iomlán an chaiteachais ábhartha le haghaidh 2021.

Foinse: An Coimisiún Eorpach.

Go háirithe, baineann na nithe a leanas le caiteachas a mbaineann riosca níos airde leis: roinnt clár le haghaidh cistí beartais comhtháthaithe lena léirítear easnaimh thromchúiseacha agus/nó a mbaineann uasmhéid rátaí earráide os cionn 2.5 % leo; na cláir sna cistí beartais comhtháthaithe agus na gníomhaireachtaí íocaíochta le haghaidh íocaíochtaí díreacha a bhaineann le talmhaíocht, bearta margaidh agus forbairt tuaithe a mbaineann riosca tráth na híocaíochta os cionn 2.5 % leo; agus caiteachas a bhaineann le deontais chasta i gcláir chistiúcháin eile. I gcás ina mbíonn an leibhéal riosca ard i gcónaí, tuairiscítear an méid sin go trédhearcach trí fhorchoimeádais a eisiúint. Maidir le 2021, tá 16 fhorchoimeádais a bhfuil tionchar airgeadais iomlán de EUR 987 milliún acu, ar méid é sin atá níos lú ná 1 % den chaiteachas iomlán. Tá na forchoimeádais sin ina mbunchloch sa slabhra freagrachtaí. Leagtar amach leo na dúshlán agus na laigí a tháinig chun cinn, in éineacht leis na bearta atá beartaithe chun dul i ngleic leo.

**Sa bhreis ar na ceartuithe airgeadais agus na haisghabhálacha, tá an Coimisiún ag gníomhú chun dul i ngleic le laigí as a dtagann meánrioscaí agus rioscaí níos airde. Áirítear leo sin cumarsáid spriodhírthe ar na tairbhíthe is mó tugtha d'earráidí, níos mó úsáid a bhaint as foirmeacha simplíthe deontas, rialuithe níos fearr agus cur le hacmhainneacht na n- údarás náisiúnta a bhfuil laigí ina gcórais bainistíochta agus rialaithe acu.**



## Tá an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta sa chéim cur chun feidhme anois

**Bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ag tús 2021 agus is ionstraim nua í atá bunaithe ar fheidhmíocht, de chineál eisceachtúil agus sealadach, lena bhfóntar do théarnamh an Aontais.** Le himchlúdach iomlán de EUR 723.8 mbilliún (i bpraghsanna reatha) – EUR 338 mbilliún i ndeontais agus EUR 385.8 billiún in iasachtaí – is é an cuspóir atá leis tionchar sóisialta agus eacnamaíoch phaindéim COVID- 19 a mhaolú agus téarnamh fadtéarmach a chur chun cinn lena gcuimsítear an t- aistriú glas agus an t- aistriú digiteach. Is iad na Ballstáit tairbhíthe na gcistí, a eisíoctar i gcomhréir le garspriocanna agus spriocanna réamhshainithe a bhaintear amach.

**In 2021, rinne an Coimisiún measúnú dearfach ar dhá phlean téarnaimh agus athléimneachta is fiche agus ghlac an Chomhairle leo. Sna pleananna sin tá leithdháileadh iomlán de EUR 291 bhilliún i maoiniú neamh- inaisíoctha agus EUR 154 bhilliún in iasachtaí.** Áirítear leis na 22 phlean téarnaimh agus athléimneachta sin níos mó ná 3 700 beart san iomlán (thart ar aon trian amháin den mhéid sin in athchóirithe agus thart ar dhá thrian in infheistíochtaí), agus níos mó ná 5 100 garsprioc agus sprioc atá le comhlíonadh faoi 2026.

**Leithdháiltear an cistiú i dtráthchodanna éagsúla ar bhaint amach na ngarspriocanna agus na spriocanna a bhfuil gealltanais tugtha ag na Ballstáit ina leith.** In 2021, d'eisíoc an Coimisiún EUR 54 bhilliún in íocaíochtaí réamh- mhaoinithe chuig 20 Ballstát <sup>(22)</sup>, rud a chuidigh le tús a chur le cur chun feidhme na mbeart infheistíochta agus athchóirithe a leagtar amach i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta na mBallstát. D'eisíoc an Coimisiún an chéad íocaíocht le haghaidh garspriocanna agus spriocanna ar mhéid EUR 10 mbilliún leis an Spáinn roimh dheireadh 2021, tar éis an íocaíocht a fháil i mí na Samhna 2021.

**Ós rud é gur ionstraim bunaithe ar fheidhmíocht í an tsaoráid, braitheann dlíthiúlacht agus rialtacht na n- íocaíochtaí a dhéanann an Coimisiún ar ghnóthú iarbhir na ngarspriocanna agus na spriocanna.** Is iad na Ballstáit atá freagrach go príomha as leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, lena n- áirítear comhlíonadh dhlí an Aontais agus an dlí náisiúnta is infheidhme a sheiceáil. Chun na críche sin, chuir siad creataí rialaithe iomchuí i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta, go háirithe d'fhonn calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú agus d'fhonn cistiú dúbailte a sheachaint.

**Mar thoradh air sin, tá rialuithe an Choimisiúin dírithe ar na garspriocanna agus na spriocanna comhaontaithe a bhaint amach go sásúil. Chun bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú, braitheann an Coimisiún ar rialuithe na mBallstát, agus comhlánaíonn sé iad de réir mar is gá ag na trí chéim a leanas.**

- Le linn an mheasúnaithe ar na pleananna téarnaimh agus athléimneachta, déanann an Coimisiún measúnú ar chórais rialaithe na mBallstát agus iarrtar ar na Ballstáit garspriocanna breise a áireamh sna pleananna chun dul i ngleic le laigí sainaitheanta roimh an gcéad íocaíocht.
- Le linn chur chun feidhme na saoráide, déanann an Coimisiún measúnú ar cibé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh na garspriocanna agus na spriocanna go sásúil agus ar cibé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh gach coinníoll eile maidir le heisíocaíocht a

<sup>(22)</sup> Ní dhearna Éire iarraidh ar réamh- mhaoiniú agus íocadh an Fhionlainn i mí Eanáir 2022 agus sa mhí sin amháin.

dhéanamh. Murab amhlaidh an cás, cuirtear íocaíochtaí ar fionraí nó laghdaítear go comhréireach iad. Déanann an Coimisiún iniúchadh freisin ar fheidhmiú chórais bhainistíochta agus rialaithe na mBallstát chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, agus go háirithe na bearta chun calaois, éilliú, coinbhleachtaí leasa agus cistiú dúbailte a chosc, a bhrath agus a cheartú.

- I ndiaidh eisíocaíochtaí, féadfaidh an Coimisiún rialuithe *ex post* agus iniúchtaí<sup>(23)</sup> a dhéanamh chun baint amach garspíocanna agus spíocanna a sheiceáil. Féadfaidh an Coimisiún iniúchtaí ad hoc a dhéanamh i gcás ina mbeidh amhras ann maidir le neamhrialtachtaí tromchúiseacha. Más gá, déanfaidh an Coimisiún méideanna comhréireacha a aisghabháil nó éileoidh sé go n- íocfar na hiasachtaí go luath.

**Chun an leibhéal riosca a bhaineann le hoibríochtaí a thomhas, déanann an Coimisiún measúnú cáilíochtuil ar thorthaí iniúchtaí agus rialuithe** ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an Choimisiúin araon. I gcomhthéacs ina bhfuil íocaíochtaí bunaithe ar mheasúnú cáilíochtuil ar chomhlíonadh na ngarspíocanna agus na spíocanna agus ina bhfuil na garspíocanna agus na spíocanna sin an- éagsúil, ní féidir torthaí rialaithe a eachtarshuí. Dá bhrí sin, murab ionann agus cláir chistiúcháin eile, ní féidir ráta fiúntach earráide bunaithe ar mhodhanna staidrimh a chinneadh.

Bunaithe ar an measúnú dearfach ar an bhfianaise gur comhlíonadh garspíocanna na hiarrata ar íocaíocht, **dheimhnigh an t- oifigeach údarúcháin trí tharmligean go raibh dearbhú réasúnach aige** maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na híocaíochta aonair a rinneadh in 2021 faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

## Conclúid na bainistíochta

**Áirithíonn an Coimisiún go bhfreastalaítear ar shaoránaigh le buiséad an Aontais.** A bhfuil leis na huirlisí éifeachtacha atá i bhfeidhm agus le bainistíocht réamhghníomhach bhuiséad an Aontais, bhí an Coimisiún in ann a chuspóirí beartais a bhaint amach agus dul i ngleic le dúshláin iomadúla. Thug an Coimisiún an méid solúbthachta is gá dá thairbhíthe, dá chomhpháirtithe cur chun feidhme agus do na Ballstáit, agus bainistíocht fhóna airgeadais á háirithiú aige agus leibhéal iomchuí dearbhaithe á choinneáil ar bun aige maidir le bainistíocht bhuiséad an Aontais.

**Thug gach oifigeach údarúcháin trí tharmligean dearbhú réasúnta, cé go bhfuil siad cáilithe le forchoimeádas i gcás inarb iomchuí.** Léirítear leis na tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí go bhfuil rialuithe láidre inmheánacha curtha i bhfeidhm ag gach roinn sa Choimisiún agus soláthraítear fianaise leo ar na hiarrachtaí a rinneadh chun feabhas a chur ar an gcost- éifeachtúlacht, na rialacha a shimpliú tuilleadh agus an buiséad a chosaint go leordhóthanach ar chalaos, ar earráidí agus ar mhírialtachtaí.

Ar bhonn na ndearbhuithe agus na bhforchoimeádas sna tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí, agus tuairim an iniúchóra inmheánaigh á cur san áireamh, glacann Coláiste na gCoimisinéirí *Tuarascáil Bhliantúil Bhainistíochta agus Feidhmíochta Bhuiséad an Aontais Eorpaigh - Bliain airgeadais 2021* agus glacann sé freagracht pholaitiúil fhoriomlán as bainistíocht bhuiséad an Aontais.

<sup>(23)</sup> I gcomhréir leis an gComhaontú Maoiniúcháin, féadfar iniúchtaí *ex post* a dhéanamh ar feadh tréimhse suas le 5 bliana ag tosú ón dáta i ndiaidh chur isteach na híocaíochta deireanaí.



## Forbairtí amach anseo: ionchas 2022 agus ina dhiaidh sin

**I bhfianaise na ndúshlán ollmhór atá fós ann, bíonn dlúthchomhar le hinstiúidí eile an Aontais agus leis na Ballstáit fíor- riachtanach i gcónaí.** Mar a tharla i gcás na paindéime, mar gheall ar na himeachtaí suntasacha atá ag titim amach san Úcráin, tá freagairt láidir chomhordaithe ar leibhéal an Aontais riachtanach agus tá údar cuí léi mar chomhlánú fíor- riachtanach ar obair na mBallstát.

**Mar gheall ar shrianta chreat airgeadais ilbhliantúil 2021- 2027, beidh dúshlán roimh an Aontas ó thaobh aghaidh iomlán a thabhairt ar an gcás i ndiaidh ionradh na Rúise ar an Úcráin.** Tá an Coimisiún tiomanta a áirithiú go n- úsáidfeadh gach euro i mbuiséad an Aontais chun an éifeacht is mó is féidir a bhaint as, lena n- áirítear trí ath- leithdháileadh agus tosaíochtaí a athrú nuair a thagann dúshlán gan choinne chun cinn. Mar sin féin, baineann teorainneacha leis an méid is féidir a bhaint amach laistigh de shrianta an chreata airgeadais ilbhliantúil atá i bhfeidhm faoi láthair. Baineadh úsáid as cuid mhór den tsolúbthacht sa bhuiséad cheana féin chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna iomadúla, agus is é an toradh a bheidh air sin go mbeidh níos lú deiseanna ann aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna amach anseo. Tá údar, dá bhrí sin, le machnamh a dhéanamh go práinneach ar an gcaoi ar féidir a áirithiú go mbeidh na hacmhainní is gá ag buiséad an Aontais chun dul i ngleic leis na héilimh agus na hionchais éagsúla atá air sna hamanna thar a bheith achrannach seo.

**Mhol an Coimisiún gur cheart athbhreithniú spriocdhírthe a dhéanamh ar an rialachán airgeadais (24).** Ós rud é go bhfuil am ag teastáil chun go mbeidh éifeacht iomlán ag na hathruithe a rinneadh mar thoradh ar athbhreithniú 2018, tá an moladh seo dírithe ar ailíniú leis an mbuiséad fadtéarmach nua, feabhsuithe áirithe i dtaca le bainistiú géarchéime i ndiaidh ceachtanna a foghlaimíodh le linn ghéarchéim COVID- 19 agus cosaint fheabhsaithe de leasanna airgeadais an Aontais.

**Tá an Coimisiún ag cur lena ghealltanas chun leanúint d’uirlis mianadóireachta sonraí agus scórála riosca amháin (Arachne) a sholáthar do na Ballstáit.** Tugann sé tacaíocht d’údarais na gclár chun rioscaí a bhaineann leis an gcaiteachas a shainiú tríd an uirlis atá curtha ar fáil ag na Ballstáit faoin gcreat airgeadais a bhí ann roimhe sin a oiriúnú. Leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit chun a áirithiú go n- úsáidfeadh go héifeachtach é. San athbhreithniú leanúnach ar an rialachán airgeadais, mhol an Coimisiún úsáid na huirlise mianadóireachta sonraí agus scórála riosca seo a neartú.

An 16 Feabhra 2022, sheas an Chúirt Bhreithiúnais le bailíocht Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 maidir le **córas ginearálta coinníollachta um chosaint bhuiséad an Aontais**, a ndeachaigh dhá Bhallstát, an Ungáir agus an Pholainn, ina choinne. I mí an Mhárta 2022, ghlac an Coimisiún treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm an rialacháin. I ndiaidh na hoibre a rinneadh le linn 2021, sheol an Coimisiún an chéad fhógra chuig an Ungáir i mí Aibreáin 2022 mar chéim eile faoin gcóras coinníollachta ginearálta, agus ar an mbealach sin chuir sé an nós imeachta ar siúl lena bhféadfar bearta a fhorchur in aghaidh Ballstáit mar mar gheall ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta. Déanann an Coimisiún faireachán leanúnach ar an staid ar fud na mBallstát agus cuirfidh sé tús leis an nós imeachta faoin rialachán coinníollachta má chomhlíontar na coinníollacha.

(24) Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) COM(2022)223.

## Getting in touch with the EU

### In person

All over the European Union there are hundreds of Europe Direct centres. You can find the address of the centre nearest you online ([european-union.europa.eu/contact-eu/meet-us\\_en](https://european-union.europa.eu/contact-eu/meet-us_en)).

### On the phone or in writing

Europe Direct is a service that answers your questions about the European Union. You can contact this service:

- by freephone: 00 800 6 7 8 9 10 11 (certain operators may charge for these calls),
- at the following standard number: +32 22999696,
- via the following form: [european-union.europa.eu/contact-eu/write-us\\_en](https://european-union.europa.eu/contact-eu/write-us_en).

## Finding information about the EU

### Online

Information about the European Union in all the official languages of the EU is available on the Europa website ([european-union.europa.eu](https://european-union.europa.eu)).

### EU publications

You can view or order EU publications at [op.europa.eu/en/publications](https://op.europa.eu/en/publications). Multiple copies of free publications can be obtained by contacting Europe Direct or your local documentation centre ([european-union.europa.eu/contact-eu/meet-us\\_en](https://european-union.europa.eu/contact-eu/meet-us_en)).

### EU law and related documents

For access to legal information from the EU, including all EU law since 1951 in all the official language versions, go to EUR-Lex ([eur-lex.europa.eu](https://eur-lex.europa.eu)).

### EU open data

The portal [data.europa.eu](https://data.europa.eu) provides access to open datasets from the EU institutions, bodies and agencies. These can be downloaded and reused for free, for both commercial and non-commercial purposes. The portal also provides access to a wealth of datasets from European countries.

